



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2008

**AISTRIÚCHÁN
AR SCÉIM MHARCÁLA**

**EACNAMAÍOCHT BHAILE –
EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA**

ARDLEIBHÉAL



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2008

AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

ARDLEIBHÉAL

Roinn A

**Freagair 10 gceist ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

1. Maidir le próitéin, déan cur síos ar fhoirmiú nasc peiptídeach. (6)
Imoibríonn carbocsailghrúpa (aigéadach) (COOH) d'aon aimínaigéad amháin leis an ngrúpa alcaileach (NH₂) den cheann eile, trí dhíchur uisce.

2. Tabhair príomhfheidhm **amháin** atá ag potaisiam (6)
Coinníonn sé cothromaíocht sreabháin i bhfíochán coirp (hoiméastáis), comhábhar riachtanach de shreabhán cille; riachtanach d'fhoirmiú cille; gníomhaíocht shláintiúil néaróige; gnáthfheidhm mhatáin.

Liostaigh **dhá** fhoinse mhaithe potaisiam sa réim bia.

- (i) Glasraí Duilleacha Glasa, Piseánaigh, Bananaí, Oráistí, Grán Rósta, Torthaí Tirime
(ii) Feoil, Bainne. Cnónna, Iasc, Arán, Muisiriúin, Abhacáid, Gránaigh Shlángthráin, Liocras etc.
3. Cén tionchar a bhíonn ag an oistéapóróis ar an gcorp? (6)
Laghdáítear an chnámh-mhais, cnámha sobhríste dá bharr; easpa airde, droim cuar nó dronnach.

Luaigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an riocht seo.

- (i) Oidhreacht, easpach i Vit D, Cailciam, fosfarach, an iomarca caiféine nó tainne.
(ii) Easpa aclaíochta ag meáchan, cailleadh roinnt mhaith meáchain, úsáid stéaróideach.
4. Comhlánaigh an tábla seo a leanas maidir le paistéradh bainne. (6)

Modh	Teocht	Am	Toradh
Paistéradh	72°C	15-25 soic	Scríostar Baictéir, Cailítear tiamín, vit C

5. Ainmnigh **trí** ghránach a fhástar le haghaidh táirgeadh bia agus tabhair sampla amháin de tháirge difriúil a dhéantar as gach gránach. (6)

Gránaigh	Táirgí
Cruithneacht Coirce	Plúr, arán, Pasta, Cúcús Min choirce, Pancóga
Grán buí (arbhar), Eorna	Calóga arbhair, Gránphlúr, Eorna Phéarlach
Rís	Cístí Ríse

6. Luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as gach ceann de na fungais seo a leanas i dtáirgeadh bia. (6)

<i>Múscáin</i>	Táirgeadh Cáise
<i>Giosta</i>	Arán, Fíon, Fínéagar, Grúdú Beorach, Forbhianna
<i>Fungais Mhóra</i>	Muisiriúin, Strufail, Quorn

7. Liostaigh **trí** aicme dhifriúla de bhreiseáin bhia agus tabhair sampla **amháin** as gach aicme díobh. (6)

Aicme an Bhreiseán Bhia	Sampla
Dathú	<i>Clóraifill, Caramal, Carnaid, Caraitéin, Tartraisín E102, E128 Dearg, E142 Glas, Amarantas</i>
Blaistiú	<i>Siúcra, Salann, Spíosraí, Luibheanna, Eistir, Maltól, Aildéid, Aicéatáit Eitile, Aicéatáit Amaile, Glútamáit mhnasóidiam</i>
Cuibhitheoirí Fisiceacha	<i>Eiblitheoirí: Leicitiní, Ailgionáití Cobhsaitheoirí: Guma Guair, Carraigín Polafosfáití: Maignéisiam, Carbónáit Peictin: Taisleáin: Soirbíotól, Mannatól</i>
Milseoirí	<i>Fruchtós, Siúcra, Glúcós, Aspairtéim, Siúicrín, Soirbíotól, Mannatól</i>
Breiseáin Chothaitheacha	<i>Vit A, D, Cailciam, B12 etc.</i>
Leasaithigh	<i>Siúcra, Salann, Alcól, Fínéagar, Spíosraí, Deatach, SO₂, Aigéad Sorbach, Défheiril, Frithocsaídeoirí: Vit A, C, E BHA, BHT,</i>

8. Sainithin **trí** mhír dhifriúla eolais faoin gcothú a chuirtear ar fáil de ghnáth ar bhianna réamhphacáilte. (6)

- (i) **Cothaitheigh ann agus a gcainníochtaí in aghaidh 100g / an riartha**
- (ii) **Luach fuinnimh**
- (iii) **Na breiseáin chothaitheacha a úsáideadh, GDA, RDA**

9. Luaigh an fheidhm atá ag **gach** páirt díobh seo a leanas in oigheann micreathoinne. (6)

- (i) **Claochladán Méadaíonn an voltas baile ó 220V go minicíocht níos airde**
- (ii) **Maighnéatrón Athraíonn leictreachas ina mhicreathonnta / ina thonnta leictreamaighnéadacha**

10. Luaigh an cuspóir atá le taighde tomhaltais. (6)

Easnaimh agus ionchais an tomhaltóra a aithint.

An margadh a thástáil roimh fhorbairt/seoladh táirge nua

Béim a leagan ar threochtaí margaidh; méid an mhargaidh nó margáí ionchais a aithint.

Ainmnigh **dhá** mhodh a úsáidtear i dtaighde tomhaltais.

(i) *Taighde allamuigh* - míreanna vox pop, agallaimh, painéil tomhaltóirí.

(ii) *Taighde deisce* - suirbhéanna scríofa, ceistneoirí, suirbhéanna teileafóin.

11. Sainaitin **dhá** ghné den pholasáí náisiúnta maidir le tithíocht in Éirinn. (6)

(i) **Maireachtaíl ard-dlúis. Pobail inmharthana agus tacaíocht acu ó shiopaí, scoileanna, infreastruchtúr ceart etc.**

(ii) **Coinneáil foirgneamh liostaithe trí dheontais. Cosaint na timpeallachta nádúrtha. Soláthar tithíochta inacmhainne agus sóisialta. Cur chun cinn tithe atá tíosach ar fhuinneamh. Úinéireacht tí trí fhaoiseamh i leith úis morgáiste a spreagadh. Scéim deontas feabhsúcháin, scéim liúntais chíos, clárú cóiríochta ar cíós.**

12. Luaigh **dhá** ní a théann chun leasa an tomhaltóra de thoradh na nAchtanna um Fhruilcheannach (1946, 1960). (6)

(i) **Tréimhse shuaimhnithe deich lá; ní mór coinníollacha a chur ar fáil don tomhaltóir i scríbhinn.**

(ii) **Ní féidir athsheilbh a ghlacadh ar earraí gan ordú cúirte, má bhíonn níos mó na aon trian den phraghas íoctha.**

Roinn B

Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.

Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

1. Cuid riachtanach den réim bia againne is ea an tsail. Tá buntáistí ag baint leis an tsail ó thaobh na sláinte de ach tá mórán gnéithe diúltacha ag baint léi chomh maith. Ní mór do thomhaltóirí cinntí a dhéanamh de réir eolais maidir le méid agus cineál na saille a bhíonn acu sa réim bia laethúil.

Consumer Choice

Comhábhair	Leathán Sáréadrom	An Bunleathán	Im
Fuinneamh	188 kcal	531 kcal	744 kcal
Saill	18g	59g	82.2g
Sáitheáin	5.1g	12g	52.1g
Monai-neamhsháitheáin	4.1g	17g	20.9g
Polai-neamhsháitheáin	8.8g	29.5g	2.8g
Aigéid shailleacha Omega 3	1.6g	3.5g	0.6g
Aigéid shailleacha trasacha	0.3g	0.5g	2.9g
Sóidiam	0.4g	0.6g	0.6g

Luachanna tipiciúla % in aghaidh 100g

- (a) Agus tú ag úsáid an eolais a thugtar sa tábla, déan gach ceann de na **trí** tháirge a bhfuil cur síos orthu a mheas, ag cuimhneamh duit ar an gcomhairle is déanaí maidir le hiontógáil saille sa réim bia. (24)

6 phointe @ 4 mharc an ceann
(2 phointe ar gach ceann de na 3 tháirge a roghnaíodh)

Leathán Sáréadrom - an luach E is ísle de na trí tháirge, mar sin an ceann is ísle ó thaobh calraí agus an ceann is oiriúnaí do dhaoine ar réim bia chun meáchan a chailleadh; an t-ábhar saille foriomlán is ísle; an ceann is ísle ó thaobh saille sáithithe rud atá go maith mar go gcuireann sé seo le CHD; an ceann is ísle ó thaobh aigéad sailleach monai-neamhsháithithe, ach is saillte maithe iad sin mar go n-íslíonn siad leibhéil cholaistéaról fola agus LDL; tá trí huairde an méid PUFA aige agus atá ag im, níl sé seo chomh hard leis an mbunleathán PUFA a íslíonn leibhéil LDL agus colaistéaról fola iomlán etc.

An Bunleathán - an luach E ar an gceann sa lár i measc na dtrí tháirge; tá an t-ábhar saille foriomlán i lár na dtrí tháirge, ach mar sin féin tá trí huairde an méid saille aige agus atá ag leathán sáréadrom; tá thart ar dhá oiread an méid sailtí sáithithe aige agus atá ag an leathán sáréadrom ach cuid mhór níos lú ná im; tá ceithre huairde an méid aigéad sailleach monai-neamhsháithithe aige agus atá ag leathán sáréadrom rud a chuidíonn chun leibhéil LDL agus colaistéaról fola iomlán a ísliú; tá an leibhéil is airde PUFA aige a chuidíonn chun leibhéil LDL agus colaistéaról fola iomlán a ísliú etc.

Im - an luach fuinnimh is airde i measc na dtrí tháirge, é ard mar sin ó thaobh calraí agus gan a bheith oiriúnach do dhaoine ar réimeanna bia chun meáchan a laghdú; an t-ábhar saille foriomlán is airde ann; é ard ó thaobh saille sáithithe agus impleachtaí dá réir dóibh siúd le CHD, ardaíonn sé leibhéil cholaistéaról fola iomlán agus leibhéil LDL; an ceann is airde de na trí tháirge ó thaobh aigéad sailleach monai-neamhsháithithe a íslíonn leibhéil cholaistéaról fola iomlán agus LDL; an méid is ísle PUFA aige de na trí tháirge etc.

Fuinnimh	Kcal níos ísle, níos oiriúnaí do dhaoine ar réimeanna bia chun meáchan a laghdú
Saill	Ábhar saille níos airde - impleachtaí diúltacha don mheáchan agus do cholaistéaról fola
Sáitheáin	Cuireann sé le CHD, ardaíonn sé leibhéal cholaistéaról fola iomlán agus LDL
Monai-neamhsháitheáin	Saill mhaith, íslíonn sí leibhéal LDL agus colaistéaról fola iomlán
Polai-neamhsháitheáin	Saill mhaith, íslíonn sé leibhéal LDL agus colaistéaról fola iomlán, meastar go gníomhaíonn sé in aghaidh tionchar cruachana an cholaistéaróil sna hartairí agus laghdaíonn baol CHD
Aigéid Shailleacha Omega 3	Íslíonn colaistéaról fola, laghdaíonn baol CHD, laghdaíonn baol taom croí, stróc, galair imshruthaithe agus ailsí áirithe, baint acu le gníomhaíocht shláintiúil inchinne.
Aigéid shailleacha trasacha	Bainteach le CHD, d'fhéadfadh go n-ardaíonn siad LDL agus go n-íslíonn siad leibhéal cholaistéaról HDL
Sóidiam	Aimsítear é i salann, má thógtar an iomarca d'fhéadfadh gur údar brú fola ard a bheadh ann agus d'fhéadfadh sé seo cur le baol CHD agus stróc.

- (b) Déan cur síos ar struchtúr **gach** ceann díobh seo a leanas **agus** luaigh sampla **amháin** de gach ceann:

3 @ 8 marc an ceann,

- *2 phointe @ 3 mharc do gach cineál aigéid shailligh*
- *sampla = 2 mharc*

(24)

- aigéid shailleacha sháithithe

Sáithithe - Tá a chomhlánú iomlán hidrigine ag gach móilín carbóin - gan aon nasc dúbailte. Soladach ag teocht an tseomra. Samplaí - aigéad stéarach, aigéad bútarach

- aigéid shailleacha monai-neamhsháithithe

Monai-neamhsháithithe: Nasc dúbailte amháin ann. Sreabhán ag teocht an tseomra, Sampla - aigéad oiléach.

- aigéid shailleacha polai-neamhsháithithe.

Polai-neamhsháithithe: tá níos mó ná nasc dúbailte amháin ann idir na hadaimh charbóin. Bog nó leachtach ag teocht an tseomra. Samplaí - aigéad líonóiléach, aigéad líonóiléineach, aigéad arachadóin.

- (c) Scríobh nóta mínithe ar **gach** ceann d'airíonna seo na lipídí:

(12)

- (i) bréine *2 phointe @ 3 mharc an ceann*

Milleadh lipide, tarlaíonn sé ar dhá bhealach

- ocsaídiúchán - nuair a imoibríonn ocsaigin le hadaimh charbóin de nasc dúbailte i slabhra carbóin neamhsháithithe
- bréine hidrealáioch a tharlaíonn de bharr imoibriú einsímí nó miocrorgánaigh laistigh den lipid, d'fhéadfadh sé tarlú sa reoiteoir.

- (ii) eiblíú. *2 phointe @ 3 mharc an ceann*

Nuair a cheanglaítear dhá leacht domheasctha foirmítear tuaslagán collóideach/eibleacht, uisce in ola nó ola in uisce, dhá chineál - sealadach, e.g. Anlann Francach, buan e.g. maonáis.

- (d) Míneadh conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith (i) ag an bhfógraíocht agus (ii) ag stádas sláinte duine ar chinntí a dhéanadh sé/sí agus táirgí déiríochta á gceannach. (20)

4 phointe @ 5 mharc an ceann

Baineann ceann amháin le fógraíocht, ceann eile le stádas sláinte duine móide dhá phointe eile

Fógraíocht - daoine cáiliúla ag aithint an bhuntáiste a bhaineann le táirge áirithe, nochtadh seasta i leith fógra, athchraolann fógraí na buntáistí agus meallann daoine a bhfuil imní orthu faoin tsláinte, léiríonn fógraí táirgí nua atá ar an margadh e.g. bainne omega 3.

Stádas sláinte duine - d'fhéadfadh go roghnódh duine atá ag iarraidh meáchan a chailleadh nó meáchan sláintiúil a choinneáil, táirgí déiríochta beagmhéathrais nó atá ar bheagán siúcra; d'fhéadfadh go roghnódh duine a bhfuil imní air faoi CHD táirgí atá ar bheagán saille sáithithe, PUFA ard iontu, omega 3 ard iontu, stanóil phlanda ard chun colaistéaról a ísliú; d'fhéadfadh go roghnódh duine a raibh imní air faoi bhrú fola ard táirgí atá ar bheagán salainn e.g. im neamhshailte; roghnaíonn daoine táirgí a bhfuil baictéir phróibhitheacha iontu ar mhaithe le buntáistí sláinte foriomlána agus cosaint ar thinneas; d'fhéadfadh go roghnódh duine a bhfuil oistéapóris air bainne saibhrithe le cailciam/*super milk*; d'fhéadfadh go roghnódh daoine a bhfuil ailléirgí orthu, nó nach féidir leo luchtós a ghlacadh, foinsí déiríochta malartacha mar bhainne gabhair etc.

2. ‘Tá an-chothú le fáil i dtorthaí agus i nglasraí agus is cuid riachtanach den réim bia iad. Níl ach 21% d’fhir na hÉireann agus 19% de mhná na hÉireann a bhfuil sprioc na hEagraíochta Domhanda Sláinte á bhaint amach acu, áfach. Is lú fós an méid díobh atá á n-ithe ag leanaí óga.’

safefood

- (a) Pléigh (i) an tábhacht atá le torthaí agus glasraí sa réim bia ó thaobh an chothaithe de agus (ii) an tslí a gcuireann siad leis an réim bia. (20)

5 phointe @ 4 mharc an ceann

Tá vitimíní frithocsaídeora A,C,E iontu; tá próitéin i nglasraí piseánacha; easpa saille iontu ar an iomlán; tá cailciam agus iarann i nglasraí glasa; Vitimíní B12 & Vitamin D iontu; is beag cothaitheach a chailtear i dtorthaí & i nglasraí reoite; tá cuid mhór siúcra i dtorthaí stánaithe. Úsáideach i réimeanna bia ar bheagán calraí & réimeanna ar bheagán colaistéaróil; iad tíosach, éagsúlacht leathan ar fáil – glasraí próiseáilte ar fáil i rith na bliana go léir; iad ilúsáideach etc.

- (b) Mol modh úrchaomhnaithe bia amháin a d’fhéadfaí a úsáid chun barrachas torthaí nó glasraí a fásadh sa bhaile a chaomhnú. Mínigh bunphrionsabal mhodh an úrchaomhnaithe atá roghnaithe agat. (15)

*ainmnigh an modh – 3 mharc
an prionsabal - 3 phointe @ 4 mharc an ceann*

Déanamh suibhe – An coibhneas ceart siúcra; úsáidtear teocht ard le heinsímí & miocrorgánaigh a mhilleadh; tuaslagán dlúth/osmóis; peictin agus aigéad; séalú le hathiontráil miocrorgánach a chosc.

Reo – Bánú; reo tapa; clúdach/fillteán; díghníomhaíonn teocht íseal einsímí agus miocrorgánaigh; athraítear taise ina leac oighir rud a fhágann nach mbíonn teacht air.

Déanamh seatnaí – siúcra, finéagar; milleann/díghníomhaíonn teocht ard einsímí & miocrorgánaigh; tuaslagán dlúth/osmóis; séalú le hathiontráil miocrorgánach a chosc.

Triomú – baint amach taise; teas/an ghrian; stóráil chun athiontráil miocrorgánach a chosc.

- (c) Scríobh nóta eolais ar ionradaíocht bia (15)

3 phointe @ 5 mharc an ceann

Is cóireáil fhisiceach é ionradaíocht áit a nochtáitear bia do dháileog shainmhínithe ianaithe.

Milleann sé miocrorgánaigh trí bhia a nochtadh don ionradaíocht.

Milleann sé baictéir nimhithe bia; cuireann srian le fás caonaigh ar thorthaí boga; cuireann sé moill ar aibiú torthaí; cuireann sé cosc ar phéacadh prátaí & glasraí eile; is beag an tionchar a bhíonn aige ar dhath, ar bhlás, ar uigeacht;

cuireann sé deireadh leis an ngá atá le leasaitheigh cheimiceacha

Is féidir vitimíní a scrios.

Laistigh den AE ní mór lipéad a chur ar bhianna ionradaithe a léiríonn gur mar sin atá.

Is íocón idirnáisiúnta í
an tSiombail Radura
do bhia ionradaithe.



3. 'De thoradh bhrú agus fuadar shaol an lae inniu, tá níos mó daoine ná riamh ag ithe bia áise agus 'bia chun imeachta' is féidir le droch-cleachtais láimhseála bia a bheith ina gcúis le nimhiú bia, áfach.'

FSAI

- (a) Pléigh an tábhacht a bhaineann le rialú na teochta le linn bia a stóráil agus a chócaráil/a ath-théamh sa chaoi go laghdófar an baol go dtarlódh nimhiú bia.

(16)

4 phointe @ 4 mharc an ceann

Stóráil: Cuisnigh ag 0°C go 5°C nó reo bianna ullmhaithe láithreach, reo ag -25°C agus stóráil ag -18°C, ná dean bia leáite a athreo riamh, fuaraigh bia sula gcuirtear sa chuisneoir é nó sula reoitear é etc

Cócaireacht/Atéamh: Déan bianna reoite a dhí-reo go hiomlán sa chuisneoir roimh chócaráil, Déan píosaí móra feola & éanlaithe clóis a chócaráil go lán-chúramach, úsáid an t-am agus an teocht cheart; déan bianna ardriosca, i.e. stobhaigh & súlach, a théamh go 100°C, déan bianna cócaráilte a dháileadh láithreach, coinnigh bia te ag teocht os cionn 65°C, ná coinnigh bianna sa chrios dainséir ó 6°C - 63°C, ba chóir bia te a ithe laistigh de 1½ uair, ba chóir atéamh a dhéanamh go tapa ag teocht atá os cionn 100°C etc.

- (b) Déan cur síos ar na céimeanna i gcóras bunúsach *Anailís Guaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla* (HACCP i mBéarla) chun mias the feola a dhéanamh. Bíodh tagairt agat (i) do chontúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann agus (ii) do na bearta rialaithe comhfhreagracha le cur i bhfeidhm.

(24)

4 chéim @ 6 mharc an ceann

Céimeanna - 1 mharc an ceann	Guaiseacha - 2 mharc an ceann	Bearta Rialaithe - 3 mharc an ceann
Ceannach	Earraí damáistithe Truailliú - baictéarach, ceimiceach lotnaidí	Siopa creidiúnach Seiceáil go mbíonn bianna amha agus cócaráilte stóráilte ar leithligh An pacáistiú a sheiceáil Seiceáil na dátaí b'fhearr roimh agus faoinn fearr a úsáid Teocht an chuisneora/ an reoiteora/an bhia a sheiceáil Seiceáil do rian ar bith de dhamáiste lotnaide Úsáid málaí cuisneora chun earraí solofa a iompar
Stóráil	Mar atá thuas Méadú ar an mbaictéar Traséilliú	Bia fuaraithe a stóráil faoi 5°C Bia reoite a stóráil faoi - 18°C Múscán/caonach ar ghlasraí a sheiceáil
Ullmhú	Méadú ar an mbaictéar Traséilliú	Na lámha a ní le gallúnach fhrithbhaictéarach Cláir dhathchódaithe Nigh trealamh le huisce te agus glantach
Cócaráil	An baictéar ag teacht slán	74°C ar feadh 2 nóiméad an chroí-theocht
Dáileadh	Traséilliú Fás na mbaictéar a thagann slán	Ní mór gléasanna glana a úsáid Caithfear bianna a choinneáil ag teocht níos airde ná 63°C
Atéamh / coinneáil te	Méadú ar an mbaictéar	Déan atéamh aon uair amháin Caithfear bianna a choinneáil os cionn 63°C Ná coinnigh thar 1.5 uair a chloig Clúdaigh agus stóráil i gceart roimh atéamh

- (c) Tabhair breac-chuntas ar ról an oifigigh shláinte chomhshaoil maidir le sábháilteacht bia.

(10)

2 phointe @ 5 mharc an ceann

Bíonn baint aige le clárú áitreabh nua bia. Déanann sé iniúchadh ar áitribh bhia - cistineacha ospidéal, bialanna, siopaí agus déantúsóirí bia etc.

Láimhseálann sé gearáin maidir le caighdeán sláinteachais in áitribh bhia.

4. Bíonn tionchar ag pátrúin mhaireachtála agus ag treochtaí déimeagrafacha ar fhorbairtí tithíochta.

- (a) Pléigh conas a bhíonn tionchar (i) ag tosca socheacnamaíocha agus (ii) ag treochtaí i bhforbairt tithíochta ar roghanna tithíochta. (20)

*5 phointe @ 4 mharc an ceann
2 thagairt do gach ceann agus ceann amháin eile*

Socheacnamaíoch - méid an teaghlaigh, an staid i saol an teaghlaigh, an áit ina bhfuil an teach lonnaithe, an t-airgead atá ar fáil, riachtanais speisialta, tosaíocht phearsanta, cúnamh ó thuismitheoirí i gceannach an tí, etc.

Treochtaí - Forbairt eastáit tithíochta níos mó, méadú ar líon na n-árasán go háirithe i gceantair uirbeacha, an meascán de chineálacha tithe in eastáit, athfhorbairt réimsí lárchathrach, tógtar tithe eisiacha in eastáit níos lú, tithe níos mó sna fo-bhailte agus déanann sealbhóirí tí comaitéireacht chuig an obair, tithíocht atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh etc.

- (b) Sainaithean agus tabhair breis eolais ar na téarmaí ginearálta agus ar na coinníollacha a chaithefear a chomhlíonadh sula dtugtar amach morgáiste. (20)

5 phointe @ 4 mharc an ceann

An méid a fuarthas ar iasacht, an taisce, taifead creidmheasa, cruthúnas ioncaim, slánaíocht mhorgáiste, an téarma aisíocaíochta, gníomhais teidil, árachas saoil, árachas tí, an teach ar chaighdeán áirithe - dea-infheistíocht etc.

- (c) Mínigh an téarma *cosaint morgáiste* agus abair cén fáth a mbíonn cosaint morgáiste riachtanach. (10)

2 phointe @ 5 mharc an ceann

Polasaí Árachas Saoil tógtha amach ar luach an mhorgáiste. Déanann an chuideachta árachais an iasacht a aisíoc leis an institiúid iasachta má fhaigheann an t-iasachtaí bás. Clúdaíonn an polasaí dhá úinéirí an tí de ghnáth.

5. 'Tá níos lú ná teaghlach amháin as gach cúig theaghlach i gCathair Bhaile Átha Cliath anois ina bhfuil fear céile, bean chéile agus leanaí mar a bhíodh sa teaghlach traidisiúnta.' (Daonáireamh POS, 2006)

- (a) Déan anailís ar na cúiseanna a bhfuil meath tagtha ar aonad traidisiúnta an teaghlaigh i saol na hÉireann. (20)

5 phointe @ 4 mharc an ceann

Scaradh/colscaradh; leanaí lasmuigh den phósadh; titim ar an ráta pósta; rólanna athraithe laistigh den teaghlach; athrú ar dhearcadh i leith an phósta/teaghlaigh; an fhrithghiniúint ar fáil níos forleithne; uirbiú méadaithe rud a fhágann go bhfuil níos mó teaghlach núicléach ann etc.

- (b) Déan cur síos ar thionchar atá aige ar dhaoine aonair agus/nó ar an tsochaí na ról a bheith ag athrú laistigh den teaghlach. (18)

3 phointe @ 6 mharc an ceann

Ról tuismitheoirí (athair agus máthair), seantuismitheoirí, leanaí ag athrú. Céatadán níos mó de mhná ag obair lasmuigh den bhaile; caighdeán feabhsaithe maireachtála do theaghlaigh; teaghlach núicléach níos cothromaíche; tógáil leanaí agus tascanna an tí á roinnt idir na tuismitheoirí; páirt níos mó ag seantuismitheoirí; malartú rólanna; ró-ualach ról; coinbhleacht faoi ról etc.

- (c) Déan cur síos ar straitéis amháin chun coinbhleacht laistigh den teaghlach a réiteach (12)

3 phointe @ 4 mharc an ceann

cumarsáid, oscailteacht & macántacht, dhá thaobh scéil a fheiceáil, teacht ar chomhréiteach; comhairleoireacht etc.


Roinn C

Freagair ceist ar ábhar roghnach amháin as an roinn seo.
Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.

Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.

- 1.(a) Tá tionchar na nósanna maireachtála agus na dtreochtaí faisin ar chúrsaí dearaidh sa teach ag dul i méid i gcónaí. Tá mórán de na tithe nua níos lú ná mar a bhíodh, mar sin is é an príomhriachtanas ná spás maireachtála cuideachtúil a chruthú a fhónfaidh do theaghlach an lae inniu.



Plean Tí – Leagan Amach Urlár na Talún

- (i) Mol **trí** athrú a dhéanfa ar an bplan tí atá léirithe sa léaráid thuas, chun freastal ar riachtanais lánúine a bhfuil beirt leanaí óga acu.
I **ngach** cás, tabhair cúis leis an moladh a dhéanann tú. (18)

3 athrú @ 3 mharc an ceann

3 chúis @ 3 mharc an ceann

Seomra spraoi a dhéanamh den gharáiste, oscail doras ón halla, athraigh doras an gharáiste ina bháfhuinneog agus suíochán tógtha faoi le spás stórála faoin suíochán, bain amach an balla idir an chistin agus an seomra itheacháin chun spás níos mó a chruthú, cuir doirse dúbailte idir an seomra scíthe agus an seomra itheacháin – is féidir spás maireachtála plean oscailte a chruthú, is féidir doirse a dhúnadh ar mhaithe le príobháideachas níos mó nuair a theastaíonn, cuir leithreas faoin staighre le breis stórála a chur ar fáil i seomra na n-acraí, méadaigh méid an tseomra scíthe tríd an mballa idir an halla & an seomra scíthe a bhaint amach, d'fhéadfaí spás stórála/oifige breise a chruthú faoin staighre, seomra gréine a chur leis etc.

- (ii) Déan cur síos ar **dhá** bhailchríoch bhalla dhifriúla a d'úsáidfí taobh istigh den teach agus luaigh **dhá** airí de chuid gach bailchríche díobh. (14)

2 @ 7 marc an ceann

cur síos - @ 3 mharc

2 airí @ 2 mharc an ceann

Péint - uiscebhunach e.g. vinyl neamhlonrach, vinyl síoda, niamh bhog, neamhlonrach in-nite, péint uigeach - tá sé éasca a bheith ag obair leis, boladh lag, éasca le cur suas, clúdaíonn go maith, frithchaitheann beagán solais rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach do bhallaí atá míchothrom, triomaíonn sé go tapa, in-nite etc.

Péint - tuaslagóirbhunach e.g. bailchríoch shróil - caitheann go maith, níos deacra le cur suas, boladh láidir, triomaíonn sé go mall, oiriúnach do réimsí ina bhfuil comhdhlúthú ard, caitheamh maith ann, in-nite, ní gá fochóta,

Páipéar Balla - priontáilte le maisín nó de láimh, PVC brata, vinyl, vinyl uigeach, cabhraithe - bíonn dath, patrún, uigeacht i gceist leis, tá cuid acu in-nite (PVC brata), cuid acu taosaithe roimh ré, buanfasach, uiscédhíonach, éasca le láimhseáil, oiriúnach do sheomraí atá tugtha don chomhdhlúthú etc.

Tíleanna - ceirmeach, poirceallán - caitheamh maith iontu, uiscédhíonach, éasca le glanadh, ar fáil i roinnt mhaith cruthanna, dathanna, patrúin etc.

- (iii) Luaigh, agus tú ag tagairt do shamplaí, conas a bhíonn tionchar
(i) ag an eirgeanamaíocht, (ii) ag forbairtí teicneolaíochta agus (iii) ag tosca
comhshaoil ar dhearadh/thógáil tí. (18)

6 phointe @ 3 mharc an ceann – 2 thagairt do gach ceann

Eirgeanamaíocht – eolaíocht an ghaoil idir daoine & a dtimpeallacht oibre, ní mór méid áirithe spáis a bheith sa teach le go ndéanfaí obair go héifeachtach & go mbeadh daoine ina gcónaí go sábháilte ann. Ceadaíonn prionsabail gluaiseacht saor agus éifeachtach laistigh den fhoirgneamh, e.g. triantán oibre agus seicheamh dom ullmhú bia sa chistin, teastaíonn méid áirithe spáis chun rochtain ar leithris a cheadú nó chun a bheith in ann doirse a oscailt. Spás stórála leordhóthanach. Lascanna pointí cumhachta in áiteanna maithe.

Forbairtí teicneolaíochta – CAD – Dearadh ríomhchuidithe, geataí leictreacha, turais réaltachta fíorúla ar dhearaí tí, braiteoirí soilse, CFLanna, soilse grianchumhachta sa ghairdín, córais slándála a bhfuil monatóireacht á ndéanamh orthu, fearais chliste, rialuithe teirmeastatacha, córais téimh chriosacha, córais chomhtháite soilsithe & fuaimne, barr feabhais ar dhaingneáin don chistin/do na seomraí folctha etc.

Cúinsí timpeallachta – ábhair nádúrtha e.g. adhmaid agus cloch in úsáid – urláir adhmaid, tinteán cloiche, soirn dóite adhmaid, súnn tileáil fuinneamh gréine isteach agus scaoileann teas amach diadhdh ar ndiaidh, úsáid péinteanna orgánacha. Úsáid foinsí inbhuanaithe fuinnimh do théamh e.g. foinsí gréine, adhmaid nó geoiteirmeacha.

Suiteáil bacainn radóin chun deireadh a chur le baol úscadh radóin isteach sa teach. Is féidir cruth agus treoshuíomh an tí a shocrú chun é a chosaint ón ngaoth agus chun tairbhe a bhaint as solas nádúrtha.

agus

1. (b) Bíonn gá le leibhéil éagsúla de chompond teirmeach, ar féidir iad a rialú le teirmeastat, sna seomraí sa teach a úsáidtear le haghaidh imeachtaí éagsúla.

- (i) Pléigh leibhéil de chompond teirmeach i gcás dhá sheomra sa teach. (12)

*4 phointe @ 3 mharc an ceann -
1 tagairt amháin do gach seomra agus 2 phointe eile*

Athraíonn an teocht mholta ó sheomra go seomra, ag brath ar fheidhm an tseomra e.g. suí nó obair éadrom a dhéanamh 19 - 23°C, is 17 - 21°C an teocht mholta do sheomraí scíthe, seomraí leapa 10- 16°C, cistineacha 15-19°C. seomra folctha 16-19°C. Moltar íosteocht 20°C do dhaoine scothaosta.

- (ii) Mínigh prionsabal oibre an teirmeastait agus tabhair samplaí d'úsáid teirmeastait sa teach. (18)

*prionsabal - 4 phointe @ 3 mharc an ceann
2 úsáid @ 3 mharc an ceann*

Tá sé bunaithe ar phrionsabal an fhorbartha teirmí, stíall dhémhíotalach ann, comhdhéanta de dhá mhíotal – prás a fhorbraíonn go héasca nuair a théitear é agus ionbhár a fhorbraíonn beagán nuair a théitear é.

Forbraíonn an prás nuair a chuirtear teas leis agus lúbann an stíall. Scoireann sé seo an ciorcad leictreach agus casann an fearas as. Nuair a fhuaraíonn an stíall dhémhíotalach filleann sé ar a cruth bhunaidh rud a lascann an fearas arís.

Úsáidí – cócaireáin leictreacha/gáis, citil leictreacha, pluideanna leictreacha, tumthéitheoirí leictreacha, teirmeastat seomra, teirmeastat coire, comhla radaitheora teirmí etc.

nó

1. (c) (i) Maidir le soláthar leictreachais an tí déan cur síos ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- ciorcad fáinne
 - mionscoradáin chiorcaid (MCBs i mBéarla).
- (12)

(3 phointe @ 2 mharc an ceann) x2

Ciorcad fáinne - téann sreang ó aonad an tomhaltóra thart thimpeall an tí agus filleann ar an aonad tomhaltóra. D'fhéadfadh go mbeadh na soicéid go léir nó na lascanna solais go léir ar an lúb fáinneach nó d'fhéadfaí lúb fáinneach amháin a úsáid do thuas staighre agus ceann do thíos staighre. Bíonn sreang thalmhaithe ann freisin ar bhonn sábháilteachta. Tá fiús dá chuid féin ag gach ciorcad, 35amp a bhíonn ann de ghnáth.

Mionscoradáin chiorcaid - is gné shábháilteachta iad MCBanna a bhfuil lascanna tuisleacha iontu a idirscoireann an ciorcad & a dhíscoireann an sruth nuair a bhíonn fabht ann nó nuair a bhíonn ró-lódáil ar an gcorrad. Is féidir lascanna tuisleacha a athshocrú nuair a aimsítear agus nuair a réitítear an fabht. Bíonn RCDanna (deis srutha iarmharaí) i MCBanna freisin a chuireann cosaint bhreise ar fáil.

- (ii) Sainnithin **trí** úsáid mhí-éifeachtacha a bhainfí as an leictreachais sa teach agus tabhair breac-chuntas ar an straitéis chun feabhais a mholfá i **ngach** cás. (18)

6 phointe @ 3 mharc an ceann (3 úsáid agus 3 fheabhas)

Úsáid neamhriachtanach soilse, úsáid bolgán caighdeánach in áit CFLanna, fearais a fágadh ar fuireachas, an t-oigheann a úsáid d'aon mhias amháin, córas téimh gan teirmeastat/amadóir, leathualach á ní sa mheaisín níocháin etc. an rogha is lú éifeacht ó thaobh fuinnimh á dhéanamh e.g. an gríosacán in úsáid in áit an tóstaeir, fearas agus grádú C aige in áit ghrádú A. Triomadóir rothlamach a úsáid chun éadaí a thriomú etc.

Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar rognach seo 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.

2. (a) Tá iarrtha ag comhlacht ar dhéantúsóir éadaí, éide/culaith a bheadh oiriúnach don fhoireann oifige a dhearadh agus a dhéanamh. Tá Fabraic A agus Fabraic B á gcur san áireamh.

	Fabraic A	Fabraic B
Fabraic	Ollann	Línéadach
Airíonna Fabraice	<ul style="list-style-type: none"> • ábhairín lag • te • ionsúiteacht den scoth • an-leaisteach • dea-dhéanamh uirthi • claonadh chun clúmhaigh • roc-obthach 	<ul style="list-style-type: none"> • an-láidir • buanfasach • ionsúiteacht den scoth • iompraíonn teas ón gcolainn • roccann mura gcóireáiltear é
Cúram Fabraice	<ul style="list-style-type: none"> • nigh de lámh í • ná déan a triomú go rothlamach 	<ul style="list-style-type: none"> • nigh sa mheaisín í • iarnáil í agus í tais

- (i) Le cúnaimh an eolais a thugtar sa tábla thuas, roghnaigh fabraic le haghaidh an éide nó na culaith. Tabhair cúiseanna le do rogha. (6)

3 phointe @ 2 mharc an ceann

Cúiseanna – ceangal airí leis na cúiseanna – leaisteach –compordach san oifig: is féidir táilliúireacht mhaith a dhéanamh air – bíonn cuma phroifisiúnta air, iompraíonn sé an teas ón gcolainn – ní bhíonn sé ró-the san oifig, caitheamh maith ann – buanfasach etc.

- (ii) Déan sceitse den éide/chulaith agus déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil **dhá** phrionsabal dearaidh curtha i bhfeidhm i ndearadh an fheistis. (13)

sceitse = 7 marc

2 phrionsabal @ 3 mharc an ceann

Prionsabail dhearaidh e.g. Cothromaíocht, Coibhneas, Béim, Rithim, Teachnt le chéile

- (iii) Ainmnigh triail feidhmíocht fabraice de do rogha féin agus déan cur síos uirthi. (6)

An t-ainm = 2 mharc

2 phointe @ 2 mharc an ceann

Trialacha – seasmhacht in aghaidh caithimh, clúmhaigh agus snagáil, seasmhacht in aghaidh stróicthe, ionsúiteacht uisce, seasmhacht in aghaidh lasracha, teachnt aniar ó roic, buandathach, triail inslithe, síneadh fabraice agus teachnt aniar, cumas in-nite etc.

agus

- 2.(b) (i) Idirhealaigh idir snáithíní athghinte agus snáithíní sintéiseacha agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann díobh. (9)

Iú snáithín 3 mharc

2ú snáithín 2 mharc

Samplaí – 2 @ 2 mharc an ceann

Athghinte – déanta as ceallalós, laíonáilte agus cóireáilte le ceimiceáin agus brúite trí bhuinní e.g. réon, vioscós, aicéatáit, trí-aicéatáit etc.

Sintéiseach – déanta as ceimiceáin mar ghual nó peitriiliam e.g. níolón, poileistear, aicrileach, PVC.

(ii) Scríobh nóta ar **gach** ceann díobh seo a leanas

- fabraic chumaisc
- modhnú filiméid

(6)

2 phointe @ 3 mharc an ceann

Fabraic chumaisc - is é an prionsabal fabraic nua a chruthú le cáilíochtaí difriúla trí airíonna na bhfabraicí aonair a úsáidtear a chuingriú e.g. ní roccann cumasc de chadás/poileistear chomh mór le cadás íon, tá cumasc línéadaigh agus cadás níos saoire ó thaobh praghais ná línéadach 100%.

Modhnú filiméid - teicnící a úsáidtear chun airíonna fabraice a athrú, a mhodhnú, a fheabhsú e.g. cumasc; rocadh nó cas-tarraingt chun ligean do shnáithíní anáilú; is féidir poileistear a dhéanamh níos toirtiúla (crimplene) atá úsáideach d'fhabraicí geirsí; is féidir cadás a mherceriú lena loinnir, a threise agus a fhiníocht do ruaimanna a mhéadú. Is féidir cadás a scuabadh chun fabraic chlúmhach bhog a chur ar fáil. Seasmhacht in aghaidh lasracha, seasmhacht in aghaidh smál agus uiscédhíonach etc.

nó

2. (c) (i) Cén fáth a mbíonn sé riachtanach uaireanta pátrún a tháirgtear ar bhonn tráchtála a mhodhnú?

(6)

2 phointe @ 3 mharc an ceann

Chun fad a chur leo nó iad a ghiorrú, chun athrú a dhéanamh ar choimeanna, chun athrú a dhéanamh ar an mbrád, athrú ar an dearadh ar na cromáin, athrú ar na muinchillí etc.

(ii) Déan cur síos, le cabhair léaráide, ar mhodh **amháin** chun pátrún a tháirgtear ar bhonn tráchtála a mhodhnú.

(9)

(léaráid = 5 mharc, cur síos = 4 mharc)

Ábhar Roghnach 3 – Staidéir Shóisialta (80 marc)

Ní mór d'iarthóirí a roghnaíonn an t-ábhar rognach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.

3.(a) 'Is cosúil go n-aithníonn níos mó tuismitheoirí in Éirinn anois an tábhacht atá le hoideachas don luath-óige, agus go mbíonn mórán díobh ag iarraidh a leanaí a chlárú i naionraí agus in aonaid Montessori.'

(Preasráiteas, 2007)

- (i) Pléigh cuspóir an oideachais maidir le forbairt fhisiceach, mhothúchánach, mhorálta agus intleachtach an linbh. (24)

4 phointe @ 6 mharc an ceann

1 tagairt amháin do gach ceannteideal

Forbairt fhisiceach - deaslámhacht - comhordú súl is lámh, forbairt cholainne - Eacnamaíocht Bhaile, cluichí MTWood PE, damhsa etc.

Mothúchánach - idirghníomhaíocht le leanaí & le daoine fásta eile, ionbhá, múintear do leanaí gur rud normálta é freagairt go mothúchánach d'imeacht ar leith e.g. ag caoineadh nuair a bhítear trí chéile nó i bpian. Múintear dóibh a bheith goiliúnach faoi dhaoine eile agus a bheith tacúil le daoine eile. Ceadaíonn RSE go ndéanfaí plé maidir le mothúcháin shláintiúla etc.

Morálta - leagann sé amach luachanna & moráltacht saol na scoile, ceadaíonn ábhair áirithe plé ar an moráltacht e.g. S.P.H.E. Oideachas Reiligiúnach, éiteas na scoile etc.

Intleachtach - forbairt teanga, léamh, scileanna uimhriúla, ceol, scileanna ealaíne. Déanann mic léinn staidéar ar churaclam a bhfuil bonn leathan faoi atá dírithe ar fhorbairt a gcumas intleachtach. Déantar soláthar chun mic léinn a bhfuil deacrachtaí foghlama acu a imeascadh agus chun freastal orthu i scoileanna. Bíonn scrúduithe ann chun an cumas seo a thástáil etc.

- (ii) Déan trácht ar conas a bhíonn tionchar ag an stádas socheacnamaíoch ar chothromaíocht deiseanna ó thaobh an oideachais de. (15)

3 phointe @ 5 mharc an ceann

Meán stádas go stádas níos airde - tá sé níos dóchúla go gcríochnófar an t-oideachas dara leibhéal & go rachfar ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal, cobhsaíocht airgeadais níos mó - níos mó airgid inídithe ann don oideachas - teagasc breise etc, cuireann tuismitheoirí béim níos mó ar an oideachas. Léiríonn taighde gur dócha go mór go rachaidh leanaí ó chúlraí uas-socheacnamaíocha ar aghaidh go dtí an 3ú Leibhéal.

Stádas níos ísle - d'fhéadfadh nach bhfaighfí na deiseanna céanna & is dóchúla go mbeadh an scoil á fágáil luath, ráta ard neamhlitearthachta, sruth níos ísle sa rang - gráid níos ísle á mbaint amach, d'fhéadfadh nach mbeadh tuismitheoirí in ann cuidiú lena gcuid páistí leis an obair bhaile toisc gur fhágadar an scoil go luath, ionchais níos ísle ag múinteoirí & tuismitheoirí etc.

- (iii) Ainmnigh tionscnamh náisiúnta amháin a chuireann le deiseanna daoine ar an oideachas, agus tabhair cuntas air. (11)

an tainm 3 mharc

2 phointe @ 4 mharc an ceann

e.g. Clár réamhscoile an Túis Luaith - tionscnamh pobalbhunaithe do leanaí 3-4 bliain d'aois i gceantair faoi mhíbhuntáiste, á mhaoiniú, á bhainistiú agus á mheasúnú ag an Roinn Oideachais & Eolaíochta. Is é an cuspóir tús dearfach san oideachas a chur ar fáil do leanaí, chun teip sa scoil amach anseo a sheachaint & forbairt fhoriomlán mac léinn ó cheantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta a fheabhsú. Is múinteoirí bunscoile, cúntóirí chúram leanaí & tuismitheoirí a bhíonn i mbun teagaisc. Tá teanga, cognaíocht, forbairt shóisialta & phearsanta ar an gcuraclam.

Clár JCSP, LCA - cuireann ar chumas níos mó mac léinn an scoil dara leibhéal a chríochnú.

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB) - cuireann sé oibleagáid ar scoileanna bearta dearfacha a chur i bhfeidhm chun freastal ar an scoil a spreagadh.

Saortháilí agus deontais chothabhála ag an tríú leibhéal etc. Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheagmháil, Tacaíocht foghlama/múinteoirí acmhainne, SNAAnna. Córas iompar scoile fóirdheontais etc.

3.(b) ‘In ainneoin beagnach deich mbliana de bhorradh eacnamaíochta, tá líon ard daoine fós in Éirinn i mbaol bochtaineachta.’ (POS)

- (i) Maidir leis an ráiteas thuas, pléigh méid agus dáileadh na bochtaineachta in Éirinn inniu. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do thimthriall an ghátair i dteaghlaigh. (20)

4 phointe @ 5 mharc an ceann
Bíodh baint ag 1 phointe le timthriall an ghátair

Tháinig laghdú ar líon na ndaoine ar thairseach na bochtaineachta ó na 60aidí & na 70oidí, tháinig méadú air sna 80oidí de bharr lagtrá eacnamaíochta, d'fhág cor chun feabhais le linn na 90aidí go raibh laghdú eile ann. Fágann costas ard maireachtála & tithíochta an lae inniu go bhfuil líon na ndaoine faoi thairseach na bochtaineachta ag méadú arís. Tá 20% de theaghlaigh na hÉireann ina gcónaí faoi thairseach na bochtaineachta, tá páiste as 4 ina chónaí faoi bhun na tairsí sin. Ta an 4ú ráta bochtaineachta is airde ag Éirinn san Eoraip agus an ráta is airde de bhochtaineacht pháistí. Na grúpaí atá i mbaol - daoine scothaosta & faoi mhíchumais, daoine atá dífhostaithe, oibríthe ar phá íseal, aontuismitheoirí, dídeanaithe, mionlaigh eitneacha, daoine gan dídean, an lucht siúil, feirmeoirí beaga tuaithe etc.

Timthriall an ghátair i dteaghlaigh - cuireann gné amháin den bhochtaineacht le gné eile agus cruthaíonn timthriall shíoraí laistigh den teaghlach.

- (ii) Ainmnigh agus tabhair sonraí dhá scéim de chuid an rialtais a laghdaíonn caiteachas teaghlach a bhfuil teacht isteach íseal acu. (10)

2 scéim @ 5 mharc an ceann

e.g. liúntas cíosa, liúntas éadaí agus coisbhirt don scoilbhliain nua, saorleictreachas, cíos teileafóin, ceadúnas teilifíse, liúntas breosla, scéim deontas na leabhar scoile, béilí scoile, cártaí liachta, seirbhísí tar éis am scoile etc.

nó

3. (c) Athraíonn na riachtanais a bhaineann le cúram leanaí de réir chúinsí an teaghlaigh.

- (i) Déan achoimre ar na tosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar riachtanais teaghlaigh maidir le cúram leanaí. (12)

4 phointe @ 3 mharc an ceann

Beirt tuismitheoirí ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha, seantuismitheoirí/daoine den teaghlach a bheith ar fáil, costas chúram leanaí, riachtanais chúraim tar éis am scoile, uaireanta oscailte, ar fáil i rith laethanta saoire scoile, gaireacht d'áras an teaghlaigh, riachtanais speisialta an pháiste etc.

- (ii) Déan meastachán ar dhá chineál soláthair atá ann maidir le cúram leanaí. (18)

(3 phointe @ 3 mharc an ceann) x 2

Naíolanna & Creches, Naíonraí/Grúpaí Spraoi, scoil Montessori, Feighlí Linbh, Au Pair, Grúpaí tar éis am scoile etc.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

**AISTRIÚCHÁN
AR SCÉIM MHARCÁLA**

**EACNAMAÍOCHT BHAILE –
EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA**

**SCRÚDÚ PRAITICIÚIL BIA –
OB AIR CHÚRSA**

ARDLEIBHÉAL



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACTH 2008

AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

SCRÚDÚ PRAITICIÚIL BIA – OBAIR CHÚRSA

**Critéir Mharcála Ghinearálta d'Obair Chúrsa Phraiticiúil ar Bhia
(le léamh i gcomhar le Tascanna)**

Fiosrúchán: Anailís/Taighde - 30 marc

Taighde agus anailís

= 20

Banda A 16-20 marc (an-mhaith – ar fheabhas)

Fiosrúchán

- tá léiriú ann go ndearnadh **taiscéalaíocht chríochnúil** agus **anailís chuimsitheach** ar na saincheisteanna agus na cúinsí a bhaineann le príomhriachtanais an taisc
- tá sé cruinn, tagann sé ó raon foinsí agus tá sé curtha i láthair go comhleanúnach
- baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna cuí a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí

Banda B 11-15 marc (an-ábaltá – go maith)

Fiosrúchán

- tá léiriú ann go ndearnadh **taiscéalaíocht** agus **roinnt anailíse** ar na saincheisteanna agus na cúinsí a bhaineann le príomhriachtanais an taisc
- tá sé cruinn, tagann sé ó raon foinsí agus tá sé curtha i láthair go comhleanúnach
- baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna cuí a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí

Banda C 6-10 marc (bunúsach – ábalta)

Fiosrúchán

- tá léiriú ann go ndearnadh **taiscéalaíocht** ar na saincheisteanna agus na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc
- tá sé réasúnta cruinn, tagann sé ó raon foinsí agus tá sé curtha i láthair go comhleanúnach
- baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí

Banda D 0-5 marc (an-bhunúsach – teoranta)

Fiosrúchán

- léiríonn sé **tuiscint an-bhunúsach theoranta** ar phríomhriachtanais an taisc
- tá cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; tá easpa comhleanúnachais sa chur i láthair
- baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí

Gach Tasc – 2 bhéile dhá chúrsa / 2 mhias / 2 tháirge - (2 x 2 mharc)

= 4

Mura ndéantar fiosrúchán ar an mias a ullmhaítear -1 / -2 mharc san Fhiosrúchán .

(biachlár – cúrsa tosaigh/ milseog = 1 marc, príomhchúrsa = 1 marc.)

béilí /miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á thabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san Fhiosrúchán

Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia

Fáthanna / critéir roghnaithe - (2 x 2 mharc)

= 4

léiríonn go soiléir na critéir a chinntigh rogha na méise nó an táirge a roghnaíodh chun é a ullmhú,

Foinsí lena n-áirítear foinsé an oidis - 2 x 1 mharc (2 mharc)

= 2

Ullmhúchán agus Pleanáil – 6 mharc

- Acmhainní (comhábhair lena n-áirítear costáil, trealamh) = 3
 - na príomh-chomhábhair, costas aonaid, an príomhthrealamh a úsáideadh ag brath ar an mias (bíodh coinne le costas ar gach rud seachas AOP E)
- Dáileadh ama / Ord na hoibre = 3
 - Ullmhúchán, ord na dtascanna, measúnú
 - Banda A 3 mharc – gach príomhchéim aitheanta, an t-ord ceart
 - Banda B 2 mharc – roinnt príomhchéimeanna aitheanta nó an t-ord mícheart
 - Banda C 1 mharc – gan ach corr-phríomhchéim aitheanta agus an t-ord mícheart

Feidhmiú – 28 marc

- Cur síos gearr ar an modh oibre a bhí i gceist lena n-áirítear ullmhúchán, próisis leis an mbia a ullmhú, am cócaireachta /teocht, freastal /cur i láthair, níochán, blaiseadh/measúnú . = 16
(Ba chóir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)

Banda A 13 - 16 marc (an-mhaith – ar fheabhas)

Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu

Banda B 9 -12 marc (an-ábalta– go maith)

Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu

Banda C 5 - 8 marc (bunúsach – ábalta)

Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu

Banda D 1-4 mharc (an-bhunúsach– teoranta)

Ní aithnítear aon cheann nó ní aithnítear ach cúpla ceann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, ní dhéantar achoimre orthu ná ní cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu

- Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil shainiúil) = 8
 - 2 x 4 mharc an ceann
 - Aithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) dhá chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias
- Sábháilteacht /sláinteachas = 4
 - 2 x 2 mharc
 - (caithfidh baint a bheith acu le comhábhair shainiúla atá in úsáid/ leis an mias atá á cócaráil)
 - Aithint (1) agus míniú (1) ar shaincheist sábháilteachta **amháin agus** ar phríomh-shaincheist sláinteachais **amháin** a cuireadh san áireamh agus an mhias á hullmhú agus á cócaráil/ an tástáil á dhéanamh

Measúnú - 16 marc

Déan measúnú ar an tasc sna téarmaí seo:

- Feidhmiú = 8
 - 2 x 4 mharc an ceann
 - Banda A - 4 mharc – aithníodh agus rinneadh anailís ar laigí/ láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn soiléir faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/pleanáil
 - Banda B - 3 mharc – aithníodh laigí/ láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn éigin faoi mhionathruithe a moladh, rinneadh anailís teoranta ar úsáid acmhainní/pleanáil
 - Banda C - 2 mharc – rinneadh iarracht éigin laigí nó láidreachtaí a aithint agus an tasc á thabhairt chun críche, níor cuireadh bonn faoi mhionathruithe, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil
- Sainriachtanais an taisc = 8
 - 2 x 4 mharc an ceann
 - Banda A - 4 mharc – tagann ar thátail eolacha maidir le dhá phríomhriachtanas an taisc
 - Banda B - 3 mharc – tagann ar thátail teoranta maidir le dhá phríomhriachtanas an taisc
 - Banda C - 2 mharc – déanann achoimre ar dhá thoradh maidir leis an tasc

Réimse Cleachtais A – Cur i bhFeidhm na bPrionsabal Cothaithe

Tasc 1

Ba chóir breithniú ar leith a dhéanamh agus béilí do pháistí óga á bpleanáil.

Déan taighde agus forbairt ar riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte pleanála do bhéile ar chóir breithniú a dhéanamh orthu agus béilí á bpleanáil do pháistí atá idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois.

Agus aird á thabhairt ar an mbreithniú seo, mol biachlár **d'aon** lá amháin (trí bhéile agus snaiceanna) a bheadh oiriúnach do theaghlach a raibh páistí san aoisghrúpa sin acu.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.

Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú agus **(b)** sainriachtanais an taisc.

Príomhriachtanais an taisc

- riachtanais chothaithe/chothaitheacha le tagairt ar leith do **pháistí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois**
- treoirlínte ábhartha do **phleanáil béile**

Fiosrúchán

Riachtanais chothaithe/chothaitheacha – cothromaíocht chothaitheach, méadaíonn fás fisiciúil an gá atá le hiontógáil gach cothaitheach, riachtanais laethúla mhacra /micreachoitheach lena n-áirítear riachtanais phróitéin / carbaihiodráite / saille / iarainn / cailciam mar is cuí do pháistí 2 – 5 bliana d'aois agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le héagsúlachtaí, snáithín ard, Vitimín C/ ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, cothromaíocht fuinnimh vis à vis leibhéil ghníomhaíochta, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia etc.

Treoirlínte pleanála do bhéilí – úsáid na pirimide bia le cothromaíocht a chinntiú, trí bhéile chothromaithe a ithe gach lá, seachain dul thar béilí, éagsúlacht bianna, an rud is maith le duine agus an rud nach maith leis, saincheisteanna acmhainne, bianna ina séasúr féin a úsáid, seachain bianna snaice, bianna a bhfuil a lán salainn, saill sháithithe agus siúcra iontu, bíodh leite/muesli san áireamh in áit gránach próiseáilte bricfeasta, déan béilí a bheidh oiriúnach do gach duine den teaghlach a phleanáil, ba chóir go mbeadh béilí tarraingteach agus ildaite, seachain bianna spíosraithe, ba chóir go mbeadh bianna éasca le cogaint agus le díleá, úsáid anlann le feoil a bhogadh, déan leacht de ghlásraí le feoil & anlann, ní chóir go mbeadh codanna rómhór, roghnaigh bianna atá éasca a láimhseáil etc.

Miasa a roghnaíodh – biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile agus sneaic)

- caithfidh siad teacht le riachtanais chothaitheacha pháistí 2-5 bliana d'aois
- caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.

Measúnú (riachtanais shainiúla an taisc)

Anailís na dtátaí maidir le riachtanais chothaitheacha mias/béilí do pháistí 2-5 bliana d'aois..

Treoirlínte do phleanáil béilí – raon bianna /mias atá oiriúnach do pháistí 2-5 bliana d'aois etc., an chaoi a dtagann an mhias a roghnaíodh leis na riachtanais a aithníodh san fhiosrúchán etc.

Tá fás scanrúil tagtha ar leiththeadúlacht mhurtaill (obesity) le scór bliain anuas. Tá thart ar 39% d'aoisigh na hÉireann róthrom agus tá 18% díobh murtallach. “Eipidéim dhomhanda” a thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte air.

Agus tagairt á dhéanamh don ráiteas sin, déan taighde agus forbairt ar **(i)** na cúiseanna a bhaineann leis agus **(ii)** na himpleachtaí sláinte a d'fheadfadh a bheith ann d'aoisigh atá róthrom nó murtallach.

Déan fiosrúchán agus forbairt ar na riachtanais chothaitheacha agus na cúinsí ba chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'aoisigh ar mian leo an meáchan a laghdú.

Agus aird á thabhairt ar na cúinsí a aithníodh i do chuid taighde, mol biachlár (trí bhéile) **d'aon** lá amháin don ghrúpa seo.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.

Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú agus **(b)** riachtanais shainiúla an taisc.

Príomhriachtanais an taisc

- riachtanais chothaithe/chothaitheacha agus tagairt ar leith d'aoisigh atá **róthrom nó murtallach**
- an t-údar atá le murtall
- na himpleachtaí sláinte d'aoisigh atá róthrom nó murtallach
- treoirlínte pleanála cuí do bhéilí

Fiosrúchán

Riachtanais chothaithe /chothaitheacha – cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra /micreachothaitheach lena n-áirítear riachtanais phróitéine / carbaihiodráite / saille / iarainn / cailciam mar is cuí, snáithín ard, Vitimín C/ ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia etc, úsáid táirgí 'aiste bia' etc.

Údair mhurtaill – easpa aclaíochta, nósanna maireachtála gnóthacha, iontógáil fuinnimh níos mó ná caiteachas fuinnimh, srianadh lag ar an ngoile, réim mearbhia atá ard ó thaobh saille agus siúcra, cúiseanna géiniteacha, hormónacha, síceolaíochta etc.

Impleachtaí sláinte –Galar Corónach Croí (CHD), brú fola ard, colaistéaról ard, stróc, diaibéiteas, pian droma, féitheacha borrrha, oisté-airtríteas, deacrachtaí anála, laghdú ar ionchas saoil, lagmheas ag duine air féin, etc.

Treoirlínte pleanála do bhéilí – úsáid na pirimide bia chun cothromaíocht a chinntiú, cruthaigh an patrún trí bhéile atá cothromaithe go maith a ithe gach lá ag tosú le béile cothromaithe don bhricfeasta, ith raon leathan torthaí agus glasraí, gearr siar ar/seachain bianna próiseáilte, bianna snaice agus bianna cileacalraí folmha, roghnaigh táirgí beagmhéathrais/ar bheagán calraí, seachain bianna carbaihiodráite mínphróiseáilte agus cuir táirgí caiscín ina n-áit, roghnaigh a bhfuil GI íseal acu, roghnaigh circeoil, iasc bán agus feoil thrua, bain an tsail den fheoil, seachain bianna a bhfuil saillteacha folaithe iontu, i.e. cácaí, brioscaí agus cístí milse agus cuir torthaí agus glasraí ina n-áit, athraigh nósanna cócaireachta, i.e. gríosca, beirigh, bácáil nó galbhruithigh bianna, ól neart uisce agus súnna torthaí nádúrtha in áit deochanna súilíneacha etc.

Miasa a roghnaíodh – biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile)

- ba chóir teacht leis na riachtanais chothaitheacha mar atá aitheanta le meáchan a laghdú
- caithfidh sé a bheith ina príomhchúrsa

Measúnú (riachtanais shainiúla an taisc)

Anailís ar na tátail maidir lena bhfuil foghlamtha agat ón bhfiosrúchán maidir le bainistiú aiste bia d'aoisigh atá róthrom nó murtallach, cúinsí ba chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'aoisigh chun meáchan sláintiúil a choinneáil agus chun leordhóthain cothaitheach a chinntiú, cad iad na bianna atá oiriúnach/mí-oiriúnach, cad iad na gnéithe ar leith de phleanáil bhéilí a chaithefear a chur san áireamh, cén chaoi a dtagann an mhias roghnaithe leis na riachtanais atá aitheanta sa bhfiosrúchán etc.

Tasc 3

Tá cuid mhór tomhaltóirí tar éis wok nó galchorcán a chur lena raon trealaimh sa chistin.

Roghnaigh wok **nó** galchorcán agus déan taighde ar

- na cineálacha éagsúla atá ar fáil
- an úsáid atá le baint as i.e. miasa/bianna, lena n-áirítear miasa príomhchúrsa is féidir a chócaráil agus úsáid á baint as an bpíosa trealaimh seo
- na cúiseanna a bhfuil móréileamh air
- na príomhphointí riachtanacha le húsáid rathúil an trealaimh.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar **aon cheann amháin** de na príomhchúrsaí a bhfuil fiosrú déanta agat orthu agus tú ag baint an leasa is fearr as an bpíosa trealaimh atá roghnaithe.

Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú, **(b)** na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid an phíosa seo trealaimh.

Príomhriachtanais an taise

- taighde ar na cineálacha éagsúla wok nó galchorcán atá ar fáil
- samplaí de bhianna/miasa, lena n-áirítear príomhchúrsaí, is féidir a chócaráil agus wok/galchorcán in úsáid
- na cúiseanna leis an móréileamh air
- na príomhphointí atá riachtanach leis an trealamh a úsáid go rathúil

Fiosrúchán

- **Na cineálacha wok nó galchorcán**

Wok – leictreach/ saorsheasamh: *boinn* – tóinchrúinn, réthónach etc., *ábhair* – cruach charbóin, cruach dhosmálta, copar, neamhghreamaitheach clúdaithe le Teflon, alúmanam etc., *hanlaí* – lámha fada adhmaid / miotail, dhá chluas adhmaid/mhiotail ar an taobh etc., *brandaí* – Jamie Oliver, All Clad, Le Creuset etc.

Galchorcán - leictreach/neamhleictreach/ ar bharr cuntair: galchorcán srathach caighdeánach bunaidh, bambú srathach, galchorcán micreathoinne, oigheann galchorcáin etc., *ábhair* – cruach dhosmálta, alúmanam, clúdaigh ghloine, plaisteach crua, hanlaí friteasa, coimeádáin phollta ghloine, ciseáin alúmanaim etc., *brandaí* – Morphy Richards, All Clad etc.

- **Úsáidí wok nó galchorcán**

Wok – suaithfhriochadh, friochadh domhain, galú, stobhadh, galstobhadh etc.

Galchorcán – bianna a ghalú

- **Bianna/miasa is féidir a chócaráil agus úsáid á baint as as wok nó as galchorcán**

Wok – sicín/mairteoil/glasraí suaithfhriochta, núdail, ris, chow mien, rollóga earraigh, friochtóga torthaí, muiceoil mhilis shearbh etc.

Galchorcán – iasc, sicín, rís, uibheacha, glasraí agus milseoga e.g. rollóga galaithe leathóige, prátaí galaithe, brocailí galaithe, maróg thaifí ghreamaitheach, maróg mharmaláide, custard caramail, maróg ríse ghalaithe etc.

- **Na cúiseanna leis an móréileamh**

Wok – luas na cócaireachta, tíosach – úsáideann sé níos lú breosla, béile iomlán cócaráilte in aon fhearas amháin, ilúsáideach, coinníonn bianna a luach cothaitheach agus a mblas, áisiúlacht, miasa cócaráilte íseal ó thaobh saille, tionchar eitneach etc.

Galchorcán – modh sláintiúil le bia a chócaráil mar nach n-úsáidtear aon saill – go maith d'aistí bia beagmhéathrais, coinnítear luach cothaitheach, blas agus dath na mbianna, tíosach, gan ach beagán níocháin, is féidir raon leathan bianna a ghalú, is féidir a úsáid le bia a atéamh, gearrann sé siar ar chostais fuinnimh, is féidir tréimhse ama bianna a thomhas agus iad a fhágáil gan aon duine ina bhfeighil etc.

- **Príomhphointí d'úsáid rathúil wok nó galchorcáin**

Wok – blaistigh an wok, déan é a réamhthéamh, cócaráil bianna ag an teocht cheart, úsáid ola d'ardchaighdeán, úsáid píosaí bia ar aon mhéid, déan bia a chócaráil i mbaisceanna etc.

Galchorcán – tomhas cruinn ama, cinntigh go bhfuil bianna curtha sa galchorcán de réir tiúis, na cuir an iomarca isteach sa galchorcán, cinntigh go bhfuil na claibíní in oiriúint etc.

Na miasa a roghnaítear – caithfidh siad a bheith ina bpríomhchúrsaí (wok/galchorcán a úsáid don phríomhphróiseas cócaireachta)

Measúnú (mar a shonraítear sa tasc)

An rud a d'fhoghlaim tú ón tasc maidir le buntáistí agus/nó míbhuntáistí wok/galchorcán a úsáid, an chaoi a dtagann an mhias roghnaithe leis na riachtanais a aithníodh san fhiosrúchán etc.

Réimse Cleachtais C: Teicneolaíocht an Bhia

Tasc 4

Tá an margadh do mhilseáin agus do sheacláidí lámhdhéanta tar éis leathnú amach go suntasach le blianta beaga anuas.

Déan taighde ar mhilseáin agus ar sheacláidí lámhdhéanta atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

Fiosraigh modhanna chun milseáin/seacláidí baile a dhéanamh.

Déan forbairt ar mhodh **amháin** agus mínigh an prionsabal atá i gceist.

Ó do chuid taighde ullmhaigh agus déan ceann **amháin** de na táirgí a bhfuil fiosrú déanta agat orthu. Bíodh mionsonraí san áireamh maidir leis an gcineál pacáistithe agus lipéadaithe a mholfa don chur i láthair.

Déan measúnú ar an tasc maidir le (a) feidhmiú, (b) a phraiticiúla atá sé milseáin/seacláidí a dhéanamh sa bhaile agus (c) an costas i gcomparáid le saghas tráchtála atá cosúil leo.

Príomhriachtanais an taisc

- déan taighde ar mhilseáin/seacláidí lámhdhéanta atá ar fáil ar bhonn tráchtála
- fiosraigh modhanna le milseáin/seacláidí baile a dhéanamh
- modh agus prionsabal bunúsach modha amháin
- pacáistiú agus lipéadú a bheadh oiriúnach do chur i láthair

Fiosrú

Déan taighde ar mhilseáin/seacláidí baile atá ar fáil ar bhonn tráchtála

Brandáí: Seacláidí: Butlers, Lily O'Brien, Lir, Leonidas etc. **Milseáin:** Bóthar na Trá Móire (bruite), Linehans, O'Connells, Lemons, Baile Átha Luain, Turkish Delight etc.

Cineálacha: Seacláidí: strufail, seacláid líonta etc. **Milseáin:** taifí, prá sóg, milseáin mhiontais uachtair, faoiste, milseáin fondant uachtair, milseáin bhruite etc.

Féadfar a áireamh sa taighde sainmhínte ar 'lámhdhéanta', 'seacláid', 'milseáin', costas, cainníocht / an meáchan a díoladh (in aghaidh an bhosca/mála), pacáistiú, lipéadú, seilfré, infhaighteacht, an cineál seacláide a úsáideadh – orgánach, saorthrádail, seacláid chócaireachta, déantús na seacláide – pónaire cóc, faghairt etc.

Modhanna le milseáin /seacláidí baile a dhéanamh

Síoróip – milseáin bhruite: leáitear siúcra in uisce, fiuchtar é go 100°C, galaíonn an t-uisce de réir mar a ardaíonn an teas, éiríonn an tsíoróip níos tibhe agus níos dorcha, úsáidtear teirmiméadar siúcra le tástáil a dhéanamh, cuirtear blaistiú léi etc.

Caramalú: Caramal /Taifí / Faoiste – tugann teas tais ar shiúcra leá, cuireann tuilleadh téimh síoróip ar fáil, má théitear é idir 120°C – 130°C tairgtear **caramal (liathróid chrua)**, tagann cuma dhonn órga uirthi nuair a shroicheann sí 160°C – 162°C, nuair a scaoiltear síoróip isteach in uisce fuar déantar liathróid di atá sách crua lena cruth a choinneáil, í fós somhúnlaithe etc. Tairgtear **Taifí (bog/crua scoilte)** nuair a théitear síoróip go 132°C – 143°C (scoilte bhog), ní chorraítear an meascán le criostalúchán a sheachaint, nuair a scaoiltear síoróip isteach in uisce fuar, scarann sí ina snáitheanna crua nach bhfuil sobhriste, 149°C – 154°C (scoilte chrua), nuair a scaoiltear isteach in uisce fuar í déantar snáitheanna sobhriste crua de shíoróip etc.

Prá sóg: bruite – tugtar síoróip, siúcra agus uisce go dtí an fiuchphointe, cuirtear gealtartar leis, téitear go 116°C (liathróid bhog), baintear den teas é agus corraítear é go ndéantar 'gránaí' den tsíoróip etc.

amh – siúcra reoáin/mionaithe measctha le halmóinn mheilte agus déantar taos righin de le buíocán agus sú líomóidí, fuinte etc.

Greadadh: Strufail – uachtar a théamh agus uachtar le píosaí seacláide leáite/dlúth a ghreadadh, im/órshúlach, cuisnigh go mbeidh sé fabhráithe, múnlu etc e.g. strufail phrailín, strufail seacláide rum, strufail mhoca etc.

Fondant: leáitear siúcra in uisce, déantar é a fhiuchadh 100°C, ardaíonn an teocht agus galaíonn an t-uisce, ramhraíonn an tsíoróip, foirmíonn liathróidí boga ag 116°C – 118°C, foirmítear liathróid bhog nuair a scaoiltear beagán den tsíoróip isteach in uisce an-fhuar etc. e.g. uachtar miontais

Faoiste: leáitear siúcra le im i mbainne/in uachtar galaithe, cuirtear blaistiú leis, téitear go 116°C – 118°C (liathróid bhog) gan é a chorraí, buailtear é go dtagann uigeacht chúrach air, caramalaíonn agus éiríonn donn etc. e.g. faoiste fanaile, faoiste seacláide etc.

Seacláidí: uachtar agus blaistiú a théamh, cuirtear seacláid leo agus ligtear di leá, fuaraítear, greadtar, píobtar é etc.

Turkish Delight: síoróip uisce agus siúcra, ramhraítear le geilitín, cuirtear blaistiú leis etc.

Criathrú, Cuimsiú, Cumhdach etc.

Ba chóir go mbeadh mionsonraí an phrionsabail bhunúsaigh a bhaineann le ceann de na modhanna a roghnaítear san áireamh.

Pacáistiú agus lipéadú oiriúnach do mhilseáin agus do sheacláidí lámhdhéanta e.g. cásanna milseán, boscaí cairtchláir, stáin aerdhíonacha, crúscaí gloine, málaí féirín, páipéar gréiscdhíonach, lipéid mhaisiúla nó ghreamaitheacha le hainm an táirge/ na comhábhair orthu etc. Mura luaitear pacáistiú nó lipéadú – 3 mharc

Miasa a roghnaíodh – Milseáin/Seacláidí.

Measúnú (mar a shonraítear sa tasc) - *A phraiticiúla atá sé milseáin/seacláidí a dhéanamh sa bhaile – saincheisteanna acmhainní – cúrsaí ama, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil etc. Comparáid den chostas idir táirge tráchtála agus baile etc.*

Tasc 5

Úsáidtear caramalú agus téachtadh in ullmhú bia chun cur le hairíonna na méise/an táirge deiridh.

Tabhair sainmhíniú ar charamalú **nó** ar théachtadh.

Déan fiosrú agus forbairt ar chur i bhfeidhm an charamalaithe nó an téachta agus raon mias á ndéanamh, agus mínigh an prionsabal atá i gceist.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann de na miasa atá fiosraithe agat.

Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú **(b)** cé chomh rathúil agus a bhí cur i bhfeidhm prionsabal an charamalaithe/téachta i ndéanamh na méise roghnaithe.

Príomhriachtanais an taisc

- Sainmhínigh caramalú **nó** téachtadh
- cur i bhfeidhm prionsabal eolaíoch an charamalaithe nó an téachta i ndéanamh raon mias
- raon mias ina n-úsáidtear caramalú **nó** téachtadh

Caramalú: nuair a théitear siúcra leis féin nó i síoróip thiubhaithe, foirmíonn caramal etc.

Téachtadh: nuair a chruann nó a stalcan bia próitéine etc.

Prionsabal eolaíoch an Charamalaithe

Cineál donnúcháin neamh-einsímeach a tharlaíonn nuair a théitear siúcra leis féin nó i síoróip thiubhaithe, leánn an siúcra agus ansin tairgeann raon de shubstaintí donna ar a dtugtar caramal, caramalaíonn siúcros ag 170°C-177°C, athraíonn an dath ó bhuí éadrom go donn dorcha, is éasca a tharlaíonn caramalú nuair nach mbíonn aon uisce i gceist (crème brulée), tarlóidh caramalú má théitear tuaslagáin siúcra (síoróipí) láidir go leor, tarlaíonn deich n-athrú chéimseacha ar shiúcra idir an leá agus an caramalú, an chéad chéim ag 104°C, tarlaíonn caramalú ag 170°C -177°C, cuireann sé dath níos dorcha ar fáil, boladh taitneamhach, blas beagán searbh, cuirfidh an iomarca teasa caramal searbh an-dorcha ar fáil, má róthéitear caramal déanfar carbón de sa deireadh etc.

Raon Mias–

Caramalú: crème caramel, crème brulée, pióg banoffi, cearnóga caramail, oinniúin charamalaithe etc.

Prionsabal eolaíoch an Téachta

Téachtadh: Teas – cruachan nó stalcadh bia próitéine, téachtann próitéiní nuair a théitear iad, téachtann gealacán uibhe idir 60°C agus 65°C agus éiríonn sé teimhneach dlúth, téachtann buíocán idir 65°C agus 70°C, tugann sé ar shlabhra próitéine roiseadh, díriú, agus teacht le chéile thart ar phócaí beaga uisce, uibheacha a buaileadh go maith leis an ngealacán agus an mbuíocán a chomhdhlúthú sa chaoi nach stalcan ceann amháin níos túisce ná an ceann eile etc

Teas tais – i.e. athraíonn fiuchadh agus stobhadh collaigin ina geilitín, rud a bhogann feoil righin etc.

Teas tirim – i.e. fágann róstadh agus gríoscaidh go dtarlaíonn crapadh, righniú fíochán matáin, cailteanas taise ann, rud a fhágann an uigeacht tirim etc.

Gníomh Meicniúil – bualadh gealacán is cúis le téachtadh neamhiomlán próitéine, scarann slabhraí próitéine agus filleann thart ar shúilíní aeir, rud a sháinníonn aer agus foirmítear cúl dá bharr etc.

Raon mias –

Téachtadh: custard uibheacha, Quiche Lorraine, meireangaí, cúróga (soufflé), pióg mheireang líomóide, maróg ime agus aráin, uibheagáin etc.

Na miasa a roghnaítear – caithfidh mias a bheith ann ina n-úsáidtear caramalú nó téachtadh.

Measúnú (mar a shonraítear sa tasc)

Cé chomh rathúil agus a bhí cur i bhfeidhm prionsabal an charamalaithe/téachta in ullmhú/cócaireacht na mias roghnaithe.

Tasc 6

Iarradh ar an rang Eacnamaíocht Bhaile sneaic shláintiúil a dhearadh agus a chur ar fáil (e.g. briosca / barra) le díol i gceaintín na scoile. Ba chóir go mbeadh an táirge seo tarraingteach do dhéagóirí.

Déan taighde ar **thrí** tháirge éagsúla a bheadh ag teacht leis na treoracha thuas agus déan cur síos ar gach ceann acu.

Ba chóir do do ghrúpa táirge **amháin** a roghnú lena fhorbairt agus tabhair na fáthanna a bhí le rogha an ghrúpa. Cuir sonraíochtaí an táirge ar fáil a léiríonn cén chuma agus cén blas ba chóir a bheith ar an táirge. (Úsáid 6 airí).

Déan an táirge. Déan **tástáil rátála thuairisciúil** ag baint úsáid as scálaí líne nó léaráidí réalta. (Úsáid na 6 airí chéanna a úsáideadh thuas). Tiomsaigh próifíl chéadfach den táirge a rinneadh.

Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú agus **(b)** mionathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun freastal ar shonraíocht an táirge.

Príomhriachtanais an taise

- *déan taighde agus fiosraigh trí shneaic shláintiúla éagsúla (e.g. briosca / barra) le díol i gceaintín na scoile*
- *na fáthanna ar roghnaíodh an táirge*
- *sonraíocht an táirge ag léiriú cén chuma agus cén blas ba chóir a bheith ar an táirge (6 airí)*
- *tástáil rátála thuairisciúil agus scálaí líne nó léaráidí réalta in úsáid*
- *na coinníollacha atá le rialú le linn na tástála*

Fiosrúchán

• **Taighde / Fiosrúchán táirgí atá oiriúnach don tástáil**

i.e. fiosraigh agus déan cur síos ar thrí shneaic shláintiúla éagsúla (e.g. briosca/barra) cineálacha, blasanna, comhábhair etc.

= 20

• **Tástáil rátála thuairisciúil ag baint úsáid as scálaí líne nó léaráidí réalta**

Cur síos: socraigh 6 airí le rátáil a dhéanamh ar an tsneaic (molann an rang airíonna agus tagann ar chomhaontú maidir leo). Déan an tsneaic a rátáil ar na hairíonna roghnaithe ag baint úsáid as scálaí líne nó léaráidí réalta, cuir próifíl chéadfach le chéile don tsneaic etc.

Cuspóir: próifíl chéadfach ar an tsneaic a rinneadh a chur le chéile etc.

Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann: cur síos a bheith ann ar airíonna don tsneaic i.e. próifíl Chéadfach.

• **Aithint na gcoinníollacha atá le rialú le linn na tástála**

Coinníollacha a bhaineann go sainiúil leis an tasc e.g., méid, cruth agus dath na ngabhdán a úsáideadh don tástáil, cainníochtaí comhchosúla i ngach sampla, sláinteachas, tomhas ama, coinníollacha cothaithe, tuiscint ar bhrí gach airí etc.

• **An mhias roghnaithe agus critéir roghnaithe (ainm =4mharc; 2 chúis @ 2 mharc)**

Roghnaigh cineál amháin sneaice agus tabhair 2 chúis leis an rogha.

= 4

= 4

Foinsí – 2 x 1 mharc

= 2

Ullmhúchán agus Pleanáil

• **Acmhainní**

= 3

An príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh

An tástáil rátála thuairisciúil – tráidire, gloine uisce, sneaic, scórchártaí, bileoga taifid, peann etc.

• **Dáileadh ama / Ord na hoibre**

= 3

Seicheamh tascanna laistigh den dáileadh ama cuí, breac-chuntas ar na príomhchéimeanna atá le tabhairt i.e.

Ullmhaigh agus cócaráil (más cuí) an tsneaic.

Tástáil rátála thuairisciúil: tiomsaigh sonraíocht táirge, aontaigh focail thuairisciúla agus aontaigh airíonna, an scórchárta agus an bhileog thaifid a lipéadú, lean na treoracha ar na scórchártaí, leag amach tráidirí, déan tástáil rátála thuairisciúil ag baint úsáid as scálaí líne nó léaráidí réalta, tiomsaigh próifílí chéadfacha bunaithe ar thorthaí an ghrúpa, cuir slacht ar an áit agus déan níos chéim, déan measúnú ar thorthaí etc.

Feidhmiú

= 16

An modh oibre a chleachtar agus an ghné seo den tasc á dhéanamh

Ba chóir seicheamh iomlán an fheidhmithe a thabhairt agus ba chóir torthaí na tástála a chur i láthair mar seo a leanas:

Tástáil rátála thuairisciúil (táirge amháin) ag baint úsáid as léaráid réalta

Ullmhaigh agus (más cuí) cócaráil an tsneaic

Tiomsaigh sonraíocht an táirge, aontaigh focail thuairisciúla agus aontaigh airíonna, an scórchárta agus an bhileog thaifid a lipéadú leis na hairíonna aontaithe, lean na treoracha ar an scórchárta, cuir sampla den bhia ar fáil, leag amach tráidirí, blaiseann blastóirí airíonna rátála bia ó 0 – 5 ag baint úsáid as an léaráid réalta don sampla bia, comhlánaigh léaráid réalta aonair, bailigh na cártaí agus aistrigh torthaí gach blastóra sa ghrúpa go dtí bileog thaifid, áirigh meánscóranna do gach airí, aistrigh na torthaí go dtí léaráid réalta an ghrúpa (is féidir ceann a tharraingt nó ceann a ghearradh ón scórchárta a úsáideadh agus é a ghreamú léi),

Tiomsaigh próifíl chéadfach don tsneaic, cuir na torthaí i láthair, cuir slacht ar an áit agus déan níos chéim etc.

Scálaí líne á n-úsáid:

Aontaigh focail thuairisciúla agus aontaigh airíonna, scórchártaí agus na bileoga taifid a lipéadú leis na hairíonna aontaithe, cuir amach sampla den bhia, leag amach tráidirí, agus 6 scála líne á n-úsáid, ceann do gach airí, déan rátáil ar airíonna óna 0 – 5 ag úsáid líne chothrománach le rátáil íseal ar thaobh na láimhe clé den líne agus ardrátáil ar thaobh na láimhe deise den líne, aistrigh torthaí gach tástálaí sa ghrúpa ar bhileog thaifid, áirigh meánscóranna do gach airí, tiomsaigh próifíl chéadfach don tsneaic, cuir slacht ar an áit agus déan níos chéim etc.

- **Príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann)** = 8

Ar na príomhchúinsí ar féidir a chur san áireamh chun go mbeidh an tasc seo rathúil áirítear – na coinníollacha a rialaíodh le linn na tástála - códú, an rogha sneaic, chomh maith agus a rinneadh iad, comhionannas na samplaí don tástáil, méideanna leordhóthanacha, gloine uisce/nó craicear tirim leis an gcarbail a ghlanadh, tábhacht an chiúnais le linn tástála, baineann na samplaí a úsáidtear leis an mbaisc chéanna, úsáid focal cuí (airíonna) a bhfuil gach mac léinn eolach orthu etc.

- **Sábháilteacht agus sláinteachas (dhá phointe sábháilteachta/sláinteachais x 2 mharc an ceann)** = 4

Sábháilteacht: tástálaithe a bhfuil ailléirgí acu e.g. cnónna, aistí bia speisialta – céiliach, cúram agus samplaí á ngearradh etc. **Dea-chleachtas sláinteachais** maidir le: láthair an ullmhúcháin agus láthair na tástála, láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha in úsáid / gloiní aon uaire etc.

Measúnú

- **Feidhmiú (2 phointe x 4 mharc an ceann)** = 8

Measúnú ar éifeachtacht an tseichimh oibre

Saincheisteanna sábháilteachta agus sláinteachais á mbreithniú

Na fadhbanna a d'eascair agus na réitigh a moladh

- **Sainriachtanais an taisc (1 phointe x 8 marc)** = 8

Na mionathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun freastal ar an tsonraíocht a theastaíonn don táirge etc.

Banda A = 8 marc

Banda B = 6 mharc

Banda C = 4 mharc

Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna.

1. Riachtanais scrúdaithe:
Ní mór d'iarrthóirí taifead de **chúig** thasc a chríochnú agus a chur i láthair le haghaidh scrúdaithe.
Maidir le **Réimsí Cleachtais**, ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chríochnú
Réimse A – Tasc **amháin**
Réimse B – Tasc **amháin**
Réimse C - Tasc **amháin**
Réimse D - Tasc **amháin**
Tasc **amháin** eile ó Réimse A **nó** ó Réimse E .
Má chríochnaíonn iarrthóir cúig thasc ach mura gcomhlíonann sé riachtanais an scrúdaithe mar atá leagtha amach thuas, marcálfaidh an scrúdaitheoir na cúig thasc mar a chuirtear i láthair iad agus dícheadóidh na marcanna a bronnadh ar an tasc leis an marc is ísle as Réimse A **nó** E.
2. Caithfidh gach tasc Staidéar Bia gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a chur san áireamh.
Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh na marcanna a bronnadh ar an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta leis an marc is ísle.
3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus / nó an t-ullmhú agus an phleanáil agus/nó gnéithe measúnaithe an taisc ach mura gcríochnaíonn sé an feidhmiú**, marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Ach dícheadófar marcanna do **mheasúnú an fheidhmithe**, áit a dtugtar faoi.
Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6 dícheadófar **measúnú sainriachtanas** freisin.
4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó ab feidhmiú agus/ nó measúnú an taisc, ach mura dtugann sé an fiosrúchán chun críche**, marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Ach dícheadófar marcanna do **mheasúnú sainriachtanais an taisc**, áit a dtugtar faoi.
5. **Mura sainaitheann an mhias/táirge a ullmháodh san fhiosrúchán**, ach má chomhlíontar riachtanais an taisc, bain na marcanna cuí a bronnadh (-1/-2) faoi bhéilí/miasa/ táirgí san fhiosrúchán.
6. **Níl obair thaispeána an Mhúinteora inghlactha**, mar sin ní bhronnfar aon mharcanna ar fheidhmiú agus ar mheasúnú an fheidhmithe.
7. **Mura bhfuil an mhias a roghnaíodh ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais e.g.
 - Mias amh roghnaithe áit a sonraítear mias chócaráilte
 - I gcás go dteastaíonn sé, gan mionathrú déanta ar mhias chun teacht le riachtanais taisc e.g. Tasc 2
 - Ní léiríonn an mhias a roghnaíodh ach cúpla scil phróiseála e.g. Tasc 4
 - Áirítear ró-úsáid bianna áise sa mhias a roghnaíodh
 - Mias roghnaithe nach bhfuil an prionsabal ann riachtanach do rathúlacht na méise mar a shonraítear sa tascBain – 10 marc ón marc iomlán a bronnadh ar an tasc.
8. I gcás méise **nach dtagann le riachtanais an taisc** e.g. mias milseoige ullmhaithe in áit príomhchúrsa, níl aon mharc le bronnadh.
9. Sna Tascanna 1, 2 agus 3 nuair nach bhfuil príomhchúrsaí cothromaithe nó nuair atá siad neamhiomlán – bain - 5 mharc as. (Comhábhair -1 mharc: Feidhmiú – 4 mharc)
10. I gcás go ndícheadaíonn múinteoir feidhmiú praiticiúil, ní cheadaítear aon mharc do **Fheidhmiú** agus do **Mheasúnú an Fheidhmithe**. Féadfar gach réimse eile a mharcáil.

